# Tart Sgadán Ar Na Faoileáin.

Fadó bhíodh muinntir Ruisín na Mban Aoidheach ag iasgach sgadán agus ronnach. Nuair a d'fheicidís cluiche de na faoileáin mhóra ar loch truscan  Deiridís go raibh na sgadáin ar fághail bhíodh tart ar na faoileáin de bharr bheith ag ithe na sgadán agus theagaidís den fhairrge ag ól uisgear Loch Truscan. Théigeadh na daoine chun fairrge ar a bpoinnte Chuiridís a gcuid eangacha agus bhíodh neart sgadáin aca.